Sneachta

Áthas ar na leanaí,
gliondar ar gach croí.
Calóga boga bána
ag rince ar an ngaoth.



Meallta móra sneachta
ag eitilt ins an aer.
Gáire agus glaoch
ó na leanaí go léir.

Nach deas í an tuath
lena brat bog bán,
ina codladh go sámh
faoi sneachta geal glan.

le Tonaí Ó Rodhuibh

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta